Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0291(COD)**

**12183/21**
**ADD 1**

**MI 695**
**ECO 101**
**ENT 154**
**IA 155**
**IND 252**
**TELECOM 349**
**CODEC 1251**
**CONSOM 200**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meán Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 547 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/53/AE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 547 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 547 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.9.2021
COM(2021) 547 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir**

**ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2014/53/AE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh**

{SEC(2021) 318 final} - {SWD(2021) 244 final} - {SWD(2021) 245 final} - {SWD(2021) 246 final}

# IARSCRÍBHINN

‘IARSCRÍBHINN Ia

Sonraíochtaí agus faisnéis i ndáil le muirear is infheidhme maidir le catagóirí nó aicmí áirithe de trealamh raidió

CUID I

SONRAÍOCHTAÍ I NDÁIL LE CUMAIS LUCHTAITHE

1. Gutháin phóca, táibléid, ceamaraí digiteacha, cluasáin, gléasanna cinn, consóil físcluichí láimhe agus callairí iniompartha, a mhéid is féidir na nithe sin a athluchtú trí luchtú sreinge, beidh an méid seo a leanas i gceist leo:

   (a) feisteofar iad le gabhdán USB Cineál-C, mar a thuairiscítear i gcaighdeán EN IEC 62680-1-3:2021 ‘Comhéadain bus uilíoch srathach le haghaidh sonraí agus cumhachta – Cuid 1-3: Comhpháirteanna coitianta - Sonraíocht um Chábla agus Nascóir USB Chineál C$^{TM}$’, rud ar cheart dó a bheith inrochtana agus oibríochtúil i gcónaí;

   (b) féadfar, i gcás cumhacht luchtaithe faoi bhun 60 vata, iad a athluchtú le cáblaí a chomhlíonann caighdeán EN IEC 62680-1-3:2021 ‘Comhéadain bus uilíoch srathach le haghaidh sonraí agus cumhachta – Cuid 1-3: Comhpháirteanna coitianta – Sonraíocht um Chábla agus Nascóir USB Chineál C$^{TM}$’.

2. Gutháin phóca, táibléid, ceamaraí digiteacha, cluasáin, gléasanna cinn, consóil físcluichí láimhe agus callairí iniompartha, a mhéid is féidir iad a athluchtú trí luchtú sreinge ag voltais is airde ná 5 volta, nó ag srutha is airde ná 3 aimpéar, nó ag cumhachtaí is airde ná 15 vata, beidh an méid seo a leanas i gceist leo:

   (a) ionchorprófar Seachadadh Cumhachta USB iontu, mar a thuairiscítear i gcaighdeán EN IEC 62680-1-2:2021 ‘Comhéadain bus uilíoch srathach le haghaidh sonraí agus cumhachta – Cuid 1-2: Comhpháirteanna coitianta - Sonraíocht um Sheachadadh Cumhachta USB’;

   (b) feidhmiúlacht iomlán Sheachadadh Cumhachta USB, feidhmiúlacht dá dtagraítear i bpointe (a), áiritheofar leo gurb acmhainn an fheidhmiúlacht sin a úsáid faoi aon phrótacal luchtaithe breise.

CUID II

FAISNÉIS FAOI SHONRAÍOCHTAÍ I NDÁIL LE CUMAIS LUCHTAITHE

I gcás trealamh raidió a thagann faoi raon feidhme na chéad fhomhíre d’Airteagal 3(4), sonrófar an fhaisnéis seo a leanas i bhfoirm chlóite ar an bpacáistíocht nó, in éagmais pacáistíochta, ar lipéad a ghabhann leis an trealamh raidió ar choinníoll go mbeidh an lipéad infheicthe:

(a) tuairisc ar cheanglais chumhachta na bhfeistí luchtaithe sreinge ar féidir úsáid a bhaint astu leis an trealamh raidió sin, lena n-áirítear an chumhacht uasta is gá chun an trealamh raidió a luchtú – is ina vatanna a shloinnfear an chumhacht sin, agus is tríd - an téacs seo a leanas a thaispeáint a thabharfar an tuairisc: ‘an chumhacht íosta a sholáthróidh an luchtaire, [xx] vata nó níos mó a bheidh inti’. Ba cheart a léiriú le líon na vatanna an uaschumhacht a theastaíonn ón trealamh raidió;

(b) tuairisc ar na sonraíochtaí i ndáil le cumais luchtaithe an trealaimh raidió, a mhéid is féidir iad a athluchtú trí luchtú sreinge ag voltais is airde iad ná 5 volta, ag srutha is airde ná 3 aimpéar, nó ag cumhachtaí is airde ná 15 vata, tuairisc lena n-áirítear léiriú go bhfuil prótacal luchtaithe Sheachadadh Cumhachta USB ar fáil don trealamh raidió, is é sin tríd an téacs 'mearluchtú USB PD’ a thaispeáint, sin agus léiriú maidir le haon phrótacal luchtaithe eile atá ar fáil trína ainm a thaispeáint i bhformáid téacs.

Is i dteanga a thuigfidh tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile gan stró a bheidh an fhaisnéis sin, teanga a roghnóidh an Ballstát ábhartha, agus is faisnéis í a bheidh soiléir sothuigthe inléite.’